



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

POIST MAR CHÚNTÓIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann ina bhfuil ceithre chomhollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais cónasctha eile. Agus í i gcroílár na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na comhaltaí, cuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh siúd agus dá gcéimithe, agus déanann sí bainistíocht ar chlár agus ar chartlanna lárnaacha na hOllscoile. Cuireann OÉ réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar bun freisin d'fhonn an léann agus an taighde a chothú agus d'fhonn cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta. Mar thoradh ar shosanna gairme, tá folúntais i roinnt post. Tá OÉ ag iarraidh iad seo a líonadh ag leibhéal an Chúntóra Feidhmiúcháin Sinsearaigh ar bhonn conartha ar théarma seasta bliana.

An ról

Mar Chúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach, beidh freagrachtaí ag na daoine a cheapfar maidir le roinnt gníomhaíochtaí de chuid OÉ. Beidh air/uirthi tacaíocht riaracháin agus oibriúcháin a sholáthar d'fhoireann shinsearach OÉ sna limistéir ábhartha, lena n-áirítear Oifig an Chláraitheora agus rannóg na Clárlainne agus na dTaifead.

Cáilíochtaí/scileanna de dhíth

Éilíonn na poist dearcadh gairmiúil i leith na hoibre, scileanna idirphearsanta den scoth, solúbthacht agus a bheith in ann obair mar bhall d'fhoireann. Féachann OÉ leis an gcaighdeán is airde a shroicheadh ina cuid gníomhaíochtaí uile, sna seirbhísí a chuireann sí ar fáil do na comhaltaí agus ina hidirghníomhaíochtaí leis an bpobal i gcoitinne. Tá ról tábhachtach ag Chúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearaigh i mbaint amach na sprice seo.

Is iad seo a leanas sainriachtanais na bpost seo:

- Scileanna cumarsáide scríofa agus béil den scoth
- Scileanna den scoth i dTeicneolaíocht Faisnéise
- Scileanna eagraíochta den scoth agus an cumas le hiltascáil agus le fadhbanna a réiteach
- Scileanna riaracháin agus bainistíochta ama den scoth
- Ardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionsonraí
- An cumas le tionscadail / tascanna iolracha a bhainistiú go comhuaineach
- An cumas le hobair a dhéanamh faoi bhrú d'fhonn spriocamanna a shroicheadh
- An cumas le hobair as a stuaim féin
- An cumas le hoiriúint don athrú & obair i dtimpeallacht atá ag athrú
- Taithí riaracháin trí bliana ar a laghad
- Cáilíocht tríú leibhéal.

Beidh taithí roimhe seo i dtimpeallacht ardoideachais agus/nó eolas oibre ar an nGaeilge ina mbuntáistí.

Tuilleadh eolais:

An ról

Ag freagairt don oifigeach sinsearach sa limistéar ábhartha, beidh freagrachtaí ag an gCúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach (na Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearach) maidir le roinnt gníomhaíochtaí OÉ agus cuirfidh sé/sí tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil do bhaill shinsearacha na foirne. Beidh sé/sí páirteach i gcáipéisíocht a ullmhú agus a scaipeadh do chruinnithe, tuarascálacha a scríobh, ábhar bolscaireachta a ullmhú, profáil, bunachair sonraí a nuashonrú, sonraí a iontráil, cumarsáid agus gníomhaíochtaí oibriúcháin eile a bhaineann le comórtais do ghradaim agus ócáidí OÉ. Poist ghnóthacha agus ilghnéitheacha is ea iad seo agus beifear ag súil go n-oibreoidh an Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach (na Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha) le foirne éagsúla OÉ ó am go ham.

Eagraíonn an Ollscoil roinnt bheag d'ócáidí gach bliain i suíomhanna eile a d'fhéadfadh a bheith ar siúl lasmuigh d'uaireanta oifige. Beidh ar an gCúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach (na Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha) a bheith ar dualgas le linn na n-ócáidí sin. Ina theannta sin, eagraíonn an Ollscoil toghcháin ó am go ham agus beidh ar an gCúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach (na Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha) tacaíocht a sholáthar ag na hamanna sin freisin.

Áiríonn príomhfhreagrachtaí an Chúntóra Feidhmiúcháin Sinsearaigh (na gCúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha):

- Tacaíocht a sholáthar don Chláraitheoir agus d'oifigeach sinsearach (oifigigh shinsearacha) eile i réimsí sainiúla ainmnithe;
- Cáipéisíocht a ullmhú do chruinnithe agus cáipéisí a phrofáil le scaipeadh agus/nó foilsiú;
- Tuarascálacha a scríobh;
- Bunachair sonraí agus cláir a nuashonrú agus liostaí dáileacháin a bhainistiú;
- Caidreamh oibre a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara, mar is cuí;
- Dlúthnasc oibre a choinneáil leis an bhfoireann chuí sna comhollscoileanna agus institiúidí eile atá ina mbaill de OÉ;
- Cuidiú le branda OÉ chothú trí ábhair agus ócáidí bolscaireachta de réir mar a threoraítear;
- Tacaíocht a sholáthar d'ócáidí OÉ a eagraítear in ionaid sheachtracha;
- Socruithe taistil agus áirithintí eile a dhéanamh;
- Páirt a ghlacadh i gceannach earraí agus seirbhísí faoi stiúir;
- Dualgais riaracháin ábhartha eile agus tacaíocht rúnaíochta de réir mar is gá;
- Dualgais ábhartha eile a chur i gcrích mar a shonróidh an Cláraitheoir ó am go ham;
- Rúndacht a choinneáil maidir le gnó OÉ.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA:

Tuarastal

Scála Tuarastail Comhdhlúite an Chúntóra Riaracháin Sinsearaigh 2016 (9 bpointe): €32,252 - €44,450 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar bhunphointe an scála agus faoi réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Féadfaidh pá agus coinníollacha pinsin éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é, go díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí ag freastal áit éigin eile san earnáil phoiblí i bpost a bhfuil sé nó sí ag íoc na ranníocaíochta ÁSPC ag ráta Rang A, B, C nó D ina leith.

Féadfar rátaí pá a leasú ó am go ham ag teacht le Polasaí an Rialtais.

Uaireanta

Is iad na huaireanta oibre 37 uair a' chloig in aghaidh an seachtaine, agus an t-amú le haontú leis an gCláraitheoir faoi réir riachtanais an róil agus téarmaí "Chomhaontú Bhóthar Haddington", a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag:

http://www.lrc.ie/docs/The_Haddington_Road_Agreement/809.htm

Féach coinníollacha ar leith don phost seo.

Laethanta Saoire

25 lá saoire.

Scéim Pinsean

Beidh na hiontrálaithe nua uile ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag <http://per.gov.ie/wp-content/uploads/Single-Scheme-booklet-Final.pdf>

Tá ballraíocht i Scéim Pinsean na hOllscoile éigeantach.

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Dearbhú

Ní mór d'iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe na seirbhíse poiblí roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á hÍoc nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí, agus sa chás sin is féidir forálacha laghdaithe pinsin na hearnála poiblí a bheith i bhfeidhm.

Promhadh

Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht.

Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lántoil na hOllscoile.

Rúndacht

Le linn na tréimhse fostaíochta, coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint gach eolas rúnda a chuirfear faoina gcúram maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina seilbh de dheasca a bpoist leis an Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

Ceapachán

Beidh na ceapacháin faoi réir ag tuarascálacha sláinte sásúla ó chomhairleoir sláinte na hollscoile.

Próiseas iarratais

Ba chóir foirm iarratais chomhlánaithe chomh maith le curriculum vitae a sheoladh chuig an gCláráitheoir trí r-phost chuig: **personnel@nui.ie**

Dáta deiridh: Déardaoin 31 Márta 2016

Tá sé beartaithe agallaimh a chur ar iarrthóirí ar an ngearrliosta sa tseachtain dar tús 11 Aibreán 2016.